

NAOMH PÁDRAIC AGUS AN CAT (AN DIABHAL I RIOCHT CAIT.)

1.

Labhrás Ó hAinnlí fear a bhí in Éirinn aimsir Naomh Padraic, ní raibh fear a bith a bhí chomh saidhbhir leis. Nuair a bhí Naomh Padraic ansoin a dhul thart tháinig sé aige ar dinnéar. Nuair leagadh anuas an dinnéar agus chuaidh siad ag ithe d'eirigh cuitín dubh a bhí 'sa teach suas ar an mbord agus chuaidh sé féin ag ithe. "Cuirigí anuas an cat sin dho'n bhord, arnó ní comhlódar dho dhuine bith an cat sin" adeir Naomh Pádraic. "Bhoil" adeir Labhras "níor cuireadh anuas dho'n bhord ariamh é agus níor ith muid aon bhéilí ariamh nach mbeadh sé 'ga ithe, bhí sé sin" adeir sé "ag m'athair agus ag a athair-san agus ag chuile ghionalach dhá dtáinig rompa chomh fada agus fhiosa a'm sa." "Bhoil ní bheidh sé níos fuide ann" adeir Naomh Pádraic

Chuir sé an stil faoi na mhuinéal agus bhí sé ag léigheadh nú gur labhair sé leis a gcut. "Ar tú an diabhal" adeir sé "Is mé" adeir an cut. "A raibh tusa ag 'athair seo?" adeir sé "Bhíos" adeir sé agus ag athair sin agus ag athair sin agus ag chuile ghionalach dhá dtáinig rúthabh." "Tá chuile dhuine acab sin a'd." adeir Naomh Pádraic. "Tá" adeir a cut "agus tá tú súil leis seo" adeir Naomh Pádraic. "Tá" adeir sé "agus beidh sé a'm." "Bhoil bíodh sé a'd nú ná bíodh" adeir Naomh Pádraic "ní bheidh tú anseo. Cuirfidh mise thú san áit nach dtiocfadh tú as aríst choidhche." Dhíbir sé an cut agus chuir sé go hlfreann é. Tá sé i nlfreann o choin

3/4/32.